

Crawford Art Gallery

Laocoön

PRÍOMH-FHÍRICÍ

Cén t-ealaíontóir atá ann? Rinne na dealbhóirí Gréagacha Agesander, Athenodoros, agus Polydorus na bun-saothair. Rinne Antonio Canova an cóip plástair ata againn. Cathain a rinneadh an phortráid seo? Is dóigh gur sa chéad haois AD a rinneadh an bundhealb. Rinneadh ár gcóip plástair timpeall na bliana 1816. Cad iad na hábhair as a ndéantar an phortráid? Rinneadh an bundhealb i marmar. Rinneadh ár leagan i bPlástar Pháras.



Cé atá léirithe sa phortráid seo?

Léiríonn an teilgean plástair seo Laocoön (Laoc-ó-on), sagart Traíoch ó mhiotais na Gréige. Le linn Chogadh na Traí, nuair a bhí na Gréagaigh ag troid i gcoinne na Traígh, rinne Laocoön iarracht rabhadh a thabhairt dá mhuintir go raibh na Gréagaigh ag pleanáil cleas a dhéanamh orthu trína gcuid saighdiúirí a chur i bhfolach laistigh de chapall adhmaid. Chuir sin fearg ar an mbandia Athena, a bhí ag tacú leis na Gréagaigh agus chuir sé nathair mhara chun ionsaí a dhéanamh ar Laocoön agus a bheirt mhac óga. Seo an ócáid a thaispeántar sa dealbh seo.

How was this portrait made?

Rinneadh an bundhealb a snoí as marmar. Sa naoú haois déag, thóg Antonio Canova múnlai uaidh agus rinne sé an macasamhail chruinn seo i bPlástar Pháras. Is próiseas casta é teilgean mar seo a dhéanamh - thóg sé ceithre bhliain le foghlaim conas a bheith i do theilgeadóir.

Conas a rinneadh an phortráid seo?

Rinne Antonio Canova an teilgean plástair seo d'fhonn tuiscint na saothair dealbhóireachta a cur ar fáil agus a feabhsú. Sa naoú aois déag, ba beag daoine a raibh an dóthain airgid acu chun a bheith in ann taisteal go dtí An Ghreig nó An Róimh chun na bundhealbanna a fheiceáil ach, trí theilgin a dhéanamh agus á scaipeadh ar fud an domhain, bhí an deis ag i bhfad níos mó daoine na dealbhanna ársa a fheiscint agus a fhoghlaim uathu..

Conas a dhéanfaí cur síos ar an dreach ar éadan Laocoön?

FÉACH & FREAGAIR

An fear óg nó seanfhear é Laocoön? Conas is féidir leat a insint?

An bhfeiceann tú cinn na nathrach sa tsaothar? Cad atá á ndéanamh acu?

CRUTHAIGH

Cuimsíonn an phortráid seo mórán gníomhaíochta agus úsáidtear í chun an scéal a insint. Bain triail as portráid dhinimiciúil de do chuid féin a chruthú. Cad iad na cúiseanna agus na dreacha a d'fhéadfá a roghnú chun an scéal a insint?

Socrates (Socraitéas)

PRÍOMH-FHÍRICÍ

Cérbh é an t-ealaíontóir? Níl aon taifead ar fáil i leith an ealaíontóra a chruthaigh an bunsaothar. Is cosúil go rinne Antonio Cánova an teilgean plástair.

Cáthain a rinneadh an phortráid seo? Ní fios dúinn dáta na bundheilbhe céaptar go rinneadh le linn ré ársa Na Ghréige nó Na Róimhe. Rinneadh ár dteilgean plástair thart ar an mbliain 1816..

Cén abhair as a ndearnadh an phortráid? Snoíodh an bhundhealbha as marmair ach tá an teilgean déanta as plástair Pháras.

Cé hé atá léirithe sa phortráid seo?

Seo portráid de Shócratéas, fealsúnaí ársa na Gréige a bhí gníomhach le linn an chúigiú aois RCh. Mhúin Sócratéas na heiticí agus an mhoráltacht, coincheap an chirt agus an éigirt, dá chuid mhic léinn fealsúnachta. Is beag a scríobh sé síos féin maidir lena thuairimí – b'iad a chuid mhic léinn a d'fhoilsigh a smaointe.

Conas a rinnadh an phortráid?

Ní dhearnadh an phortráid seo chun an corp iomlán a léiriú – is dealbh brád í. Léiríonn dealbh brád ach barr an choirp daonna; an ceann agus an muineál agus, de ghnáth, an chuid uachtarach de na guailí agus den ucht.

Cén fáth ar rinneadh an phortráid?

Rinneadh an phortráid seo chun aird a tharraingt ar na gnéithe ar leith a bhain le aghaidh Shócratéas, cuma a bhí neamhchoitianta sa Ghréig ársa. De ghnáth, ba idéalaithe iad portráidí na nGréagacha ársa - rud a chiallaíonn gur léiríodh an ábhar le cuma foirfe air, níos fearr ná an chuma dáiríre air. Léirítar Sócratéas ar bhealach níos réadúla. Tá gruaim ar a mhála le ceann maol agus srón maol aige agus cuma mhíshlachtmhar ar a fhéasóg.

F É A C H A G U S F R E A G A I R


Ní idéalaithe í portráid Shócratéas - tugann sí tuiscint mhaith dúinn ar an gcuma a bhí air i ndáiríre sa saol dáiríre. An féidir leat portráid a fháil i Dánlanna na Dealbhóireachta a bhfuil cuma idéalaithe orthu nó ró-mhaith orthu chun a bheith fíor? Cad iad na difríochtaí is féidir leat a fháil idir an phortráid a roghnaigh tú agus portráid Shócratéas?

Dá mbeadh ealaíontóir ag iarraidh portráid a dhéanamh díot, arbh fhearr leat go mbeadh ionadaíocht agat ar bhealach idéalaithe, nó ar bhealach réalaíoch? Mínigh na cúiseanna le do rogha.

CRUTHAIGH

Is monacrómach é an teilgean plástair seo, rud a chiallaíonn nach bhfuil ach dath amháin ann, geal bán. Ach sa domhan ársa, bheadh dealbha brád mar an gceann seo péinteáilte le dathanna beoga.

An gceapann tú go gcuirfeadh breis dathanna leis an bpíosa a fheabhsú, nó an dtaitníonn sé leat mar atá sé? Déan portráid mhonacrómach de do chuid féin.



Portráid Fiona Shaw

PRÍOMH-FHÍRICÍ

Cé hí an t-ealaíontóir? Victoria Russell, a rugadh sa RA sa bhliain 1962

Cathain a rinneadh an phortráid seo? Sa bhliain 2002

Cad iad na hábhair as a ndéarnadh an phortráid? Ola ar chanbhás



Cé hí atá léirithe sa phortráid seo?

Is aisteoir í Fiona Shaw a rugadh agus a d'fhás aníos i gCathair Chorcaí. Bhí sí ina haisteoir agus ina stiúraitheoir ar go leor léiriúcháin amharclainne, lena n-áirítear an saincheadúnas Harry Potter, áit ar sheinn sí Aintín Petunia. Rinne Shaw páirt mar gníomhaire rúnda sa tsraith scéinséir teilifíse *Killing Eve*.

Conas a rinneadh an phortráid seo?

Rinneadh an phortráid seo i dteach Fiona Shaw i Londain. Bhí roinnt suíonna ag teastáil gach seachtain ar feadh trí mhí chun an phortráid seo a dhéanamh! Thóg an t-ealaíontóir go leor grianghraf de Fiona Shaw agus d'oibrigh sí léi féin ina stiúideo, ag díriú ar an phortráid seo a dhéanamh i gceart.

Agus í ag machnamh ar chruthú na portráide seo, dúirt Fiona Shaw: "Thóg Victoria grianghraf díom sa dabhach, sa chistin agus sa leaba. Bhí sceitimíní orm a fheiceáil cén pictiúr a d'úsáidfeadh sí don phortráid. Mo léan nár scuab mé mo chuid gruaige!"

Cén fáth a ndearna an t-ealaíontóir an phortráid seo?

Bhuaigh Victoria Russell Gradam Portráid BP sa bhliain 2000. Mar chuid den duais seo, fuair sí coimisiún chun saothar a chur ar fáil do bhailiúchán comhaimseartha do Ghailearaí Náisiúnta na bPortráideanna. Mar thoradh air seo rinneadh dhá phortráid de Fiona Shaw. Cheannaigh Gealaráí Crawford an ceann seo sa bhliain 2002

F É A C H A G U S F R E A G A I R

An aithníonn tú an duine sa phortráid seo?

Cad atá á chaitheamh aici?

Cá bhfuil an phortráid seo suite, dar leat?

Cén fáth, dar leat, a roghnaigh an t-ealaíontóir an suíomh seo?

An bhfeiceann tú aon phatrúin sa phortráid seo?

An/nach maith leat an pictiúr seo? Cén fáth?

C R U T H A I G H

Is duine mór le rá í atá léirithe sa phortráid seo. An féidir leat teacht ar a leithéid phortráidí eile sa ghailearaí?

Cén duine cáiliúil lenar mhaith leat bualadh? Déan portráid de.



Féinphortráid agus Cat

PRÍOMH-FHÍRICÍ

Cé hé an t-ealaíontóir? Patrick Hennessy (1915-1980), a rugadh i gCorcaigh

Cathain a rinneadh an phortráid seo? Sa bhliain 1978

Cad iad na hábhair as a ndéantar an phortráid? Ola ar chanbhás

Cé hé atá léirithe sa phortráid seo?

Imríonn Hennessy roinnt cluichí suimiúla san fhéinphortráid seo. Tá a íomhá le feiceáil i measc grúpa rudaí agus an chat ar an seif, a shúil i clúdaithe taobh thiar de phéire spéaclaí gréine troma dubha. Ní amháin sin, ach tá a íomhá péinteáilte i ndáiríre mar chuid d'earra eile: grianghraf ar chúl leabhair faoin ealaíontóir féin! De bharr na dtagairtí spráíla seo do mheáin eile - leabhair, grianghrafadóireacht, péinteáil neamhbheo - tá spraoi agus cúis machnaimh san fhéinphortráid seo!

Conas a rinneadh an phortráid seo?

Rinne Hennessy a chuid pictiúir ola de ghnáth trí bheith ag obair ó ghrianghraif. Mar sin féin, ba mhinic a thug sé isteach eilimintí agus rudaí eile nár tógadh díreach ón "bhfíorshaol" nó ón mbreathnóireacht agus mar sin ní féidir a rá gur "lán-ghrianghraf-réalaíoch" í a chuid oibre.

Cén fáth a ndearna an t-ealaíontóir an phortráid seo?

Rinneadh an phictiúr seo sa Phortaingéil agus ag amanna níos déanaí i saol Patrick Hennessy. D'fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar a chuid pictiúr mar iniúchadh ar a shamhlaíocht; is minic a bhíonn suíomhanna agus rudaí iontu a bhfuil cuma eolach agus réadúil orthu, i dteannta le heilimintí a bhfuil cuma neamh-réalaíoch agus draíochtúil orthu fiú.

Cad iad na rudaí a fheiceann tú sa phictiúr seo?

F É A C H A G U S F R E A G A I R
Cad a thugann tú faoi deara faoi ábhar na portráide seo?

Cad atá á dhéanamh ag an gcat sa phortráid seo? An féidir leat smaoineamh ar ainm a thabhairt don chat?

Cad a cheapann tú faoi shuíomh/chomhdhéanamh na portráide seo? An/nach maith leat an phictiúr seo? Cén fáth?

Cad a insíonn na rudaí atá léirithe sa phortráid dúinn faoin ealaíontóir, dar leat?

CRUTHAIGH

Léiríonn an phortráid seo ainmhí agus na rudaí eile i láthair chomh maith le foirmeacha eile na healaíne ar bhealaí spráíla. An féidir leat smaoineamh ar bhealach chun na smaointe seo a úsáid i bportráid nó i bphictiúr de do chuid féin? Smaoinigh ar an gcaoi a bhféadfá an ghrianghrafadóireacht, an dealbhóireacht nó an scríbhneoireacht a úsáid do chuid oibre, mar shampla.

Cad a deir do chuid earraí féin fút? Roghnaigh roinnt rudaí atá tábhachtach duit féin agus déan féinphortráid díot agus iad timpeall ort.

Dylan is ainm dom...

PRÍOMH-FHÍRICÍ

Cé hé an t-ealaíontóir? Stephen Doyle (b. 1994), a rugadh i gCorcaigh

Cathain a rinneadh an phortráid seo? Sa bhliain 2018

Cad iad na hábhair as a ndéantar an phortráid? Clár de mheáin mheasctha (péint ola agus neon ar ghloine)



Cé hé ata léirithe an phortráid seo?

Is seacht mbliana déag d'aois é Dylan as Leamhcán, Contae Bhaile Átha Cliath, duine a aithnítear mar thrasinscneach. Is páirc gar do theach Dylan é suíomh an phictiúir seo. Ceaptar gurb é seo an chéad saothar ealaíne sa bhailiúchán náisiúnta a thugann aghaidh go hoscailte ar an trasfhéiniúlacht.

Conas a rinneadh an phortráid seo?

Baineadh úsáid as meascán d'ábhair, nó "meáin mheasctha" chun an phortráid seo a dhéanamh. Tá úsáid na meán traidisiúnta an péint ola i gcodarsnacht leis an neon, rud a ceapadh i bhfad níos déanaí. D'fhéadfadh an neon tuiscint an "eileachais" a thabhairt le fios.

Cén fáth a ndearna an t-ealaíontóir an phortráid seo?

Ina chuid oibre, tugann Stephen Doyle aghaidh ar théamaí an aitheantais "chaim" agus an chultúir "chaim". Dúirt sé go bhfuil "súil aige go mbeidh éinne trasinscneach a fheiceann an obair in ann ceangal leis agus a fhios go mbaineann siad leis."

Cad a fheiceann tú sa phictiúr seo?

Cad a thugann tú faoi deara faoi dhreach an tsuiteora?

Cá bhfuil an phortráid seo suite, dar leat?

Cén éifeacht atá ag úsáid an scála agus an dearcaidh ar an lucht féachana?

CRUTHAIGH

Cuireann an phortráid seo an domhan nádúrtha agus an teicneolaíocht taobh le taobh. An féidir leat smaoinemh ar bhealach eile chun na smaointe seo a chur le chéile i bportráid nó i bphictiúr de do chuid féin?

Cén chulaith is fearr leat? Déan féinphortráid díot agus tú ag caitheamh na n-éadaí is fearr leat.

FÉACH AGUS FREAGAIR

Conas a dhéanfa cur síos ar an suiteoi

Cén sórt éadaí atá á gcaitheamh ag an suiteoir?

Cén aois, dar leat, atá ag an duine sa phortráid seo?

Cad a cheapann tú faoi na hábhair a úsáideadh chun an phortráid seo a dhéanamh?

Cad a cheapann tú faoi theideal an tsaothair seo?



Elodie

PRÍOMH-FHÍRÍ

Cé hí an t-ealaíontóir? Síobhra O'Reardon Farrell (r.2002)

Cathain a rinneadh an phortráid seo? Sa bhliain 2019

Cad iad na hábhair as a ndéantar an phortráid? Ola ar chlár canbháis

Cé a léiríonn an phortráid seo?

Léiríonn an phortráid seo bean óg darb ainm di Elodie. Rinne an t-ealaíontóir an cinneadh súile Elodie a bhaint den tsaothar. Bhraith sí gurb iad na súile na gnéithe a meallann aird an lucht féachana de ghnáth agus iad ag féachaint ar phortráid. Tríd á mbaint de, bhí súil aici aird an lucht féachana a tharraingt isteach ar iomlán an tsaothair.

Conas a rinneadh an phortráid seo?

In ionad scuab péint traidisiúnta a úsáid, chruthaigh Síobhra O'Reardon Farrell a saothar le scian phailéid. Cosúil leis an mbealach a úsáidtear scian chun reoán a scaipeadh ar chiste, baineadh úsáid as an scian phailéid anseo chun strócanna a scuabadh chun éifeacht uigeach suntasach a chruthú.

Cén fáth a ndearna an t-ealaíontóir an phortráid seo?

Cruthaíodh an píosa seo le haghaidh chomórtas Duais Portráid Zurich na nÓg 2019. Ghlac an comórtas le hiontrálacha ó dhaoine óga, suas go 18 mbliain d'aois, de gach cumas agus ó gach cearn d'oileán na hÉireann. Tá an phortráid ar taispeáint anseo i nGailearaí Crawford toisc go raibh sí ar ghearrliosta an chomórtais.

Cad a cheapann tú faoi scéim dhathanna na portráide seo?

An féidir leat na háiteanna inar úsáideadh an scian phailéid a aithint?

Cad atá le rá agat faoi dhreach an tsuiteora?

Cén tionchar atá ort ag easpa na súl?

Cad a sheasann is mó amach duit faoin suiteoir?

An/nach maith leat an phictiúr seo? Cén fáth?

CRUTHAIGH

Cruthaigh pictiúr atá spreagtha ag an gceann seo, gan scuab péint a úsáid. D'fhéadfá péinteáil le do mhéara agus do ladhracha, le scuab fiacla, nó cumhdach mboilgeoideach, sreangán, nó píosaí cairtchláir a úsáid.

An féidir leat strócanna an scian phailéid a athchruthú a d'fhéadfadh an t-ealaíontóir a úsáid chun an saothar seo a chruthú? An gceapann tú gur oibrigh sí ar bhealach tapa agus fuinniúil nó ar bhealach mall agus níos rialaithe?

Lucy with 3 hands and me holding onto her leg (Lucy le trí lámh agus greim agam ar a cos)

PRÍOMH-FHÍRICÍ

Cén t-ealaíontóir atá ann? Salvatore of Lucan (r. 1994), a rugadh i gCo. Bhaile Átha Cliath.

Cathain a rinneadh an phortráid seo? Sa bhliain 2019.

Cad iad na hábhair as a ndéantar an phortráid? Ola ar chanbhás

Cé atá léirithe sa phortráid seo?

Léiríonn an phortráid seo Salvatore, an t-ealaíontóir, agus a chailín Lucy. Tá Lucy le feiceáil ina luí ar an leaba, le fón agus ciarsúr ina lámh aici, agus le tríú lámh ina luí ar a haghaidh. Tá an t-ealaíontóir le fheiscint ag bun an leaba agus greim aige ar rúitín Lucy. Tá sé ag plugáil a fhón isteach sa bhalla.

Conas a rinneadh an phortráid seo?

Baineadh úsáid as dearcadh neamh-ghnách chun an phortráid seo a phéinteáil. In ionad túsghiorrú a úsáid chun a thaispeáint go bhfuil an chuid uachtarach den leaba níos faide ón lucht féachana ná an bun, tá an phéintéireacht an-réidh le cuma beagnach déthoiseach ar an leaba. Is cosúil gur rogha comhfhiosach de chuid an ealaíontóra é seo le cur le fonn aisteach, beagáinín míchompordach na portráide

Cén fáth a ndearna an t-ealaíontóir an phortráid seo?

Déanann Salvatore of Lucan iniúcadh ar na deacrachtaí a mbaineann le caidrimh agus ar thionchar na meán sóisialta sa tsaothar seo. Cé go bhfuil na figiúirí ceangailte le chéile go fisiciúil ag greim lámh an ealaíontóra ar chos Lucy, is cosúil nach bhfuil aon cheangal corraitheach ann. Tugann an solas atá ag lasadh ar fhón an ealaíontóra le fios dúinn go bhfuil a intinn dírithe níos géire ar an bhfón ná ar a chailín.

Cad a thugann tú faoi deara faoi mhéire an ealaíontóra?

An bhfuil baint ag a leithéid lenár dtuairim go bhfeidhmíonn ár gcuid bhfón mar ghéag breise dúinn?

CRUTHAIGH

Tá foinn agus na meáin sóisialta chuile áit i saol an lae inniu. An/nach maith an rud é? Dá mbeadh portráid á déanamh agat ort féin agus d'fhón á úsáid agat, an léireofá a leithéid ar bhealach dearfach nó diúltach? Conas a léireofá an fonn seo i do phictiúr? Smaoinigh ar na dathanna agus ar na dreachanna a d'fhéadfá a úsáid chun an éifeacht sin a bhaint amach.



FÉACH AGUS FREAGAIR

Cad tá le rá agat faoi fhonn an tsaothair seo?

Cén tábhacht a baineann le tríú lámh Lucy?

An/nach bhfuil suim agat sa phictiúr seo? Cén fáth?

Crawford Art Gallery



Aida

PRÍOMH-FHÍRICÍ

Cé hé an t-ealaíontóir? Oliver Sheppard (1865 - 1941), a rugadh sa Chorr Chríochach, Contae Thír Eoghain

Cathain a rinneadh an phortráid seo? Sa bhliain 1935

Cad iad na hábhair as a ndéantar an phortráid? Marmar

Cé atá léirithe sa phortráid seo?

Is portráid í seo d'Aida Kelly, pátrún mór na hEalaíona i lár an fhichiú aois. Ba scríbhneoir, dearthóir feistis agus láithreáin, agus comhalta de Chumann na Mór-Cheoldrámaíochta Bhaile Átha Cliath í Aida. D'ainneoin a cuid buanna, b'éigean d'Aide úsáid a bhaint as ainm cleite ionas go bhfoilseofaí a cuid saothar. Thug a cuid chairde "Paddy" mar leasainm uirthi toisc gurb é sin an t-ainm cleite ba choitianta a bhain sí úsáid as.

Conas a rinneadh an phortráid seo?

Is sampla é an portráid seo den dealbhóireacht rilífe. Is teicníc dealbhóireachta é an rilíf ina bhfanann an chuid snoífe ceangailte le cúlra na deilbhe.

Cén fáth a ndearna an t-ealaíontóir an phortráid seo?

Siad na deilbh is cáiliúla de chuid Oliver Sheppard ná a saothair séadchomhartha agus ba sa chré-umha a rinneadh iad. Déanann siad trácht ar aeráid pholaitiúil a lae, ag comóradh troda ar son neamhspleáchas na hÉireann. Ach ní dhearna Sheppard a chuid saothar sa chré-umha amháin. Bhain sé úsáid as deilbh marmair níos lú mar an gceann seo chun fonn difriúil a chur in iúl - rud níos séimhe agus níos pearsanta.

F É A C H A G U S F R E A G A I R

Cad atá le rá agat faoin marmair a úsáideadh sa tsaothar seo?
Téigh i ngar dó chun a fheiceáil conas a bhíonn sé ag glioscarnach sa solas!

Conas a dhéanfaí cur síos ar an dreach atá ar an suiteoir?

An gceapann tú go bhfuil an dealbh seo trom nó éadrom?

An/nach maith leat an dealbh seo? Cén fáth?

Dá leagfaí do mhéar ar an dealbh seo, conas a bhraitheadh a cuid uigeachtaí duit?

CRUTHAIGH

An féidir leat aithris a dhéanamh ar staidiúir an tsuiteora? An bhfuil sé compordach?
Dá mbeifeá i do shuí le haghaidh portráide, cén staidiúir ar mhaith leat a thógaint?